# Eleathanach 413

Dé Luain, an 23 Bealtaine 2022

## Lá Domhanda na mBeach

Titeann Lá Domhanda na mBeach ar an 20 Bealtaine gach bliain. Is lá é seo chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le beacha agus le feithidí eile.

Tá beacha an-tábhachtach ar fad toisc go dtógann siad pailin ó bhláth go bláth agus iad ag eitilt timpeall.

Is maith le beacha bláthanna. Má tá tú ag iarraidh cabhrú leo, is féidir leat bláthanna nó glasraí agus torthaí a chur sa ghairdín. I mbliana tá feachtas ann freisin *No Mow May*, ag moladh do dhaoine ligean don fhéar agus do na bláthanna fás. Beidh níos mó pailine ann ansin do na beacha agus feithidí eile.

Tá fíricí spéisiúla faoi bheacha ar shuíomh *An Post*. Mar shampla, an raibh a fhios agat nach gcodlaíonn beacha! Caithfidh go mbíonn siad an-tuirseach gan aon chodladh!



https://www.anpost.com/Community/Activitiesforstudents/La-Domhanda-na-mBeach

**An carr is costasaí riamh!**



Creid é nó ná creid, ag tús na míosa, chaith duine amháin €135 milliún ar charr amháin! Tá cuma ar an scéal gur bailitheoir príobháideach é, a bhíonn ag bailiú carranna éagsúla.

Don €135 milliún, fuair sé Mercedes-Benz 300 SLR ón mbliain 1955. Dúirt an ceannaitheoir go raibh sé sásta é a chur ar taispeáint ar ócáidí speisialta amach anseo.

Níl ach carr amháin eile cosúil leis ann agus is leis an gcomhlacht Mercedes-Benz é go fóill. Tá an carr seo i músaem Mercedes-Benz sa Ghearmáin.

Deir an comhlacht go mbeidh an t-airgead ón díolachán in úsáid do thaighde a bhaineann leis an gcomhshaol agus le dícharbónú.

**Craobhchomórtas Dornálaíochta an Domhain**

Bhí Craobhchomórtas Dornálaíochta an Domhain ar siúl an tseachtain seo caite. Bhuaigh Amy Broadhurst agus Lisa O'Rourke bonn óir an duine.

Níor éirigh ach le triúr Éireannach eile bonn óir a bhuachan ag Craobhchomórtas an Domhain: Katie Taylor, Kellie Harrington agus Michael Conlan.

Sa bhabhta ceannais, bhí Amy Broadhurst i gcomórtas le hImane Khelif ón Ailgéir. Tá Imane 13cm níos airde ná Amy, ach fós d'éirigh le hAmy an lámh in uachtar a fháil uirthi.

Leathuair níos déanaí, bhí Lisa O'Rourke ag troid i gcoinne Alcinda Helena Panguane ó Mhósaimbíc. Arís bhí an bua aici agus bhí áthas an domhain ar lucht tacaíochta na hÉireann.

